

# Príomhthosaíochtaí don Oideachas Lán-Ghaeilge



Cuir buntáistí na gaelscolaíochta ar fáil mar rogha do gach duine

Bunaigh naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge nua de réir éilimh agus cruthúnais ar inmharthanacht.

Ag an iar-bhunleibhéil, bunaigh gaelcholáistí neamhspleácha seachas aonaid, agus cuir próiseas céimiúil agus tacúil i bhfeidhm do na haonaid reatha chun neamhspleáchas mar ghaelcholáiste a bhaint amach.



Cinntigh soláthar dóthanach múinteoirí do na naíonraí agus scoileanna

Tabhair ar ais an liúntas don teagasc trí Ghaeilge le haitheantas a thabhairt don obair bhreise atá á dhéanamh ag múinteoirí i naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge.

Leathnaigh an soláthar oiliúint tosaigh mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge. Cuir oiliúint tosaigh ar fáil trí Ghaeilge do na luathbhlianta, agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile in oirthear na tíre.



Tabhair cothrom na féinne dóibh siúd le riachtanais speisialta oideachais

Cuir acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil do naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta atá ar chomhchéim leis na hacmhainní atá ar fáil do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Cuir tacaíocht teanga ar fáil don Ghaeilge mar ábhar bhreise, ar nós an córas EAL (English as an Additional Language) don Bhéarla.

Cinntigh go bhfuil leithdháileadh cuí Múinteoirí Oideachais Speisialta ag naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta.



Athraigh córas na ndíolúintí ó bhonn

Tá córas na ndíolúintí ag imirt drochthionchar ar na scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta de bharr go bhfuil páistí ag aistriú go bunscoileanna Béarla leis an díolúine a fháil chun go mbeidh fáil acu ar thacaíochtaí do riachtanais speisialta ag an iar-bhunleibhéil.

Tá buntáistí an tumoideachais á gceilt orthu dá réir.



Aithin tábhacht na naíonraí

Cuir na naíonraí mar bhunchloch sa Pholasáí don Oideachas lán-Ghaeilge atá le foilsiú ag an Roinn Oideachais.

Cuir scéim láidir i bhfeidhm a dhéanann infheistíocht straitéiseach i naíonraí a bhunú agus a bhuanú, agus a íocann liúntas le foireann cáilithe a bhfuil Gaeilge líofa acu, le go mbeidh rogha naíonra áitiúil ar fáil do gach páiste.



# Key Priorities for Irish-Medium Education



**Make Irish-medium education accessible to everyone**

Open new naíonraí and Irish-medium schools where there is viable demand.

Open new gaelcholáistí – not Irish-medium units – at post-primary level. Support existing Irish-medium units to become gaelcholáistí.



**Ensure enough teachers for naíonraí and Irish-medium schools**

Reinstate the allowance for teaching in Irish to recognise teachers' extra work.

Make more teacher training courses available through Irish. Offer early years education training through Irish and offer post-primary training through Irish in the east of the country.



**Equal opportunities for those with special needs**

Make the same resources available to naíonraí and Irish-medium schools as there are in English-medium early-years services and schools.

Provide extra support for those learning Irish as an additional language.

Make sure there are enough special education teachers for naíonraí and Irish-medium schools.



**Rethink the system for exemptions from Irish**

The current system pushes students to move to English-medium schools to get an exemption, so that they can access special education supports.

This denies them the chance to benefit from Irish-medium education.



**Recognise the importance of naíonraí**

Include naíonraí in the new policy for Irish-medium education.

Invest in naíonraí and pay allowances to recruit and retain staff with fluent Irish.